**Leasú 2**
**Martin Schirdewan, José Gusmão agus comhaltaí eile**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0153/2024**
**Luděk Niedermayer**
Lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú
(COM(2023)0227 – C9-0135/2023 – 2023/0112(COD))

**Togra le haghaidh Treoir**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41 a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 58:*** |
| | ***'Uirlis úinéireachta poiblí*** |
| | ***1. Féadfaidh na Ballstáit institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b), (c) nó (d) a chur faoi chuntas an sparáin phoiblí;*** |
| | ***2. Chun na críche sin, féadfaidh Ballstát ordú amháin nó níos mó a dhéanamh maidir le scaireanna a aistriú i gcás ina bhfuil an t-aistrí:*** |
| | ***(a) ainmnitheach an Bhallstáit; nó*** |
| | ***(b) cuideachta atá faoi úinéireacht iomlán an Bhallstáit.*** |
| | ***3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na hinstitiúidí nó na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b), (c) nó (d), atá faoi réir na huirlise úinéireachta poiblí i gcomhréir leis an Airteagal seo, a bhainistiú ar mhaithe le leas an phobail.*** |
| | ***3a. Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo maidir le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a sholáthar, go háirithe in Airteagal 32c, Airteagal 37(10) agus Airteagal 57, nuair a ghlacfaidh na Ballstáit institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b), (c) nó (d), faoi úinéireacht phoiblí.';*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Baineann an leasú leis an Airteagal 32c nua.*